OIFIG AN CHIGIRE PRÍOSÚN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2010

Oifig an Chigire Príosún
24 Cecil Walk
Sráid Mhic Coinín
An tAonach
Co. Thiobraid Árann

Teil: +353 67 42210
Faics: + 353 67 42219
Ríomhphost: info@inspectorofprisons.gov.ie
Gréasán: www.inspectorofprisons.gov.ie

Oifig an Chigire Príosún
Tuarascáil Bhliantúil 2010

Arna cur i láthair an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta de bhun Chuid 5 d'Acht na bPríosún 2007.

An Breitheamh Michael Reilly
An Cigire Príosún

7 Aibreán 2011

© An Cigire Príosún 2011

Clár na nÁbhar

Buíochas 4

Caibidil 1

Réamhrá 5

Caibidil 2

Achoimre ghearr ar na ceithre phríosún déag uile 7

Caibidil 3

An cleachtas is fearr i ndáil le himscrúdú a dhéanamh ar bhásanna daoine atá faoi choinneáil i bpríosún 14

Caibidil 4

An bóthar romhainn 15

Caibidil 5

Tuarascálacha ábhartha 26

Buíochas

Mar a fheicfear níos déanaí, thug mé cuairt ar na ceithre phríosún déag uile gan fógra a thabhairt i rith na tréimhse atá clúdaithe ag an Tuarascáil seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne uile sna príosúin a thug cúnamh dom féin agus do m'fhoireann ar bhealach amháin nó ar bhealach eile nuair a bhí a leithéidí de chuairteanna á ndéanamh againn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine ar fad lenar labhair mé, lena n-áirítear baill foirne na bpríosún, príosúnaigh agus iad siúd a soláthraíonn seirbhísí do phríosúnaigh as ucht na dtuairimí neamhbhalbha agus díreacha a nocht siad.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hAoife Watters, Uasal, (Taighdeoir) as an gcabhair a thug sí maidir le taighde a dhéanamh ar an gcleachtas is fearr go hIdirnáisiúnta, rud a d'fhág go raibh mé in ann Tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire an 21 Nollaig 2010 dar teideal "***Guidance on Best Practice relating to the investigation of Deaths in Prison Custody***".

Tá mé faoi chomaoin ag m'fhoireann bheag, agus ní fhéadfainn mo shainordú a chomhlíonadh gan a gcúnamh. Is iad sin Linda Larkin, Uasal, (Bainisteoir Oifige), Aoife Watters, Uasal, (Taighdeoir), Michelle Ryan, Uasal, agus an tUasal John Byrne. Is foireann tiomanta agus comhtháite iad a bhfuil spéis acu san ábhar agus chaith siad uaireanta fada leis. Gabhaim buíochas leo as sin.

An Breitheamh Michael Reilly
An Cigire Príosún

7 Aibreán 2011

Caibidil 1

Réamhrá

1.1 Cuimsíonn an Tuarascáil seo an tréimhse ón 11 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2010.

1.2 Thug mé cuairt ar na ceithre phríosún déag uile gan fógra a thabhairt sa tréimhse atá clúdaithe ag an Tuarascáil seo. Tugaim tuilleadh sonraí faoi na cigireachtaí sin i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo.

1.3 Chuir mé Tuarascáil faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí (a dtagraítear dó ina dhiaidh seo mar "an tAire") an 21 Nollaig 2010 dar teideal "*Guidance on Best Practice relating to the Investigation of Deaths in Prison Custody*". Tugaim tuilleadh sonraí faoin Tuarascáil seo i gCaibidil 3.

1.4 Táim ag tapú na deise seo an Tuarascáil seo a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an bpríomhról a bheidh agam sa todhchaí agus chun soiléiriú a dhéanamh ar na caighdeáin a mbeidh mé ag súil leo.

1.5 Ón uair a ceapadh mé mar Chigire Príosún, tá treoir tugtha agam do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus do bhainistíocht áitiúil na bpríosún maidir leis an gcleachtas is fearr a bhaineann leis na caighdeáin a bhfuilim ag súil leo nuair atá cigireacht ar bun agam i bpríosúin, íosmhéid cillín do chóiríocht príosúnaigh, na córais agus na seirbhísí nár mhór iad a chur ar fáil i bpríosúin, úsáid "cillíní speisialta", treoir maidir leis an gcleachtas is fearr i ndáil le gearáin príosúnach agus araíonacht príosúnach agus na nósanna imeacht atá le leanúint tar éis do dhaoine bás a fháil agus iad faoi choinneáil. Tá a leithéid de threoir ar fáil sna tuarascálacha atá leagtha amach i gCaibidil 5.

1.6 Ba cheart go mbeadh Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus bainistíocht áitiúil na bpríosún ar an eolas anois faoin gcleachtas is fearr sna réimsí ina bhfuil treoir tugtha agam agus faoi na dualgais atá orthu maidir leis seo. Beidh mé

ag súil go mbeidh gach príosún, amhail an 1 Iúil 2011 agus ón lá sin amach, ag comhlíonadh leis an gcleachtas is fearr. Má fhaighim amach tar éis an dáta sin nach bhfuil an cleachtas is fearr á leanúint nó go bhfuil neamhaird á déanamh ar an treoir atá tugtha agam, ní bheidh rogha agam ach teacht ar an gconclúid gur chuma leis an mbainistíocht faoi na dualgais atá orthu cloí leis an gcleachtas is fearr.

1.7 Tugann Caibidil 4 den Tuarascáil seo comhthéacs don treoir atá tugtha agam agus leagann sé amach i dtéarmaí soiléire an chaoi a bhfuil sé ar intinn agam feidhmiú mar Chigire Príosún sna blianta atá amach romhainn.

Caibidil 2

Achoimre ghearr ar na ceithre phríosún déag uile

2.1 Tá cuairt tugtha agam ar na ceithre phríosún déag uile sa tréimhse 11 Meán Fómhair go dtí 31 Nollaig 2010.

2.2 Thug mé cuairt ar na príosúin seo chun críche, *inter alia*, breathnú ar:

(a) staid glaineachta an phríosúin,
(b) cuma ghinearálta an phríosúin,
(c) daonra an phríosúin,
(d) córais agus seirbhísí sa phríosún.

2.3 Níor tugadh fógra maidir le haon ceann de mo chuairteanna. Seachas m'imscrúdú ar Phríosún Mhuinseo, a bhí ar bun agam an uair sin, níor thug mé ach aon chuairt amháin ar gach príosún. Mar sin, ní raibh mé in ann ach sracfhéachaint a thabhairt ar gach príosún ar lá ar leith. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh nach bhfuil na heasnaimh sin a fuair mé i bpríosúin éagsúla ionadaíoch ar na príosúin sin ar an iomlán.

2.4 Déileálfaidh mé go hacomhair le mo chuid fionnachtana maidir le gach príosún in ailt 2.5 go dtí 2.53.

Príosún Chnoc an Arbhair

2.5 Bhí an príosún glan agus bhí cuma mhaith air go ginearálta. Bhí na córais agus na seirbhísí dóthanach. De bharr ganntanas foirne, tá ar an áis bainistíochta dramhaíola dúnadh ar feadh tréimhsí fada.

2.6 Ní raibh an príosún plódaithe.

Príosún an Chaisleáin Riabhaigh

2.7 Bhí Príosún an Chaisleáin Riabhaigh plódaithe, agus tá i gcónaí. Níl córais agus seirbhísí dóthanacha aige do phríosúnaigh. Bhí áiteanna sa phríosún an-salach agus ní raibh an cuma air go ndearnadh cothabháil riachtanach i limistéir áirithe.

2.8 Bhí na príosúnaigh faoi ghlas ina gcillíní ar feadh tréimhsí fada ar dhá chúis – (a) bhí isteach is amach le 25% de dhaonra an phríosúin faoi chosaint, agus, (b) cuireadh na príosúnaigh faoi ghlas ina gcillíní ar feadh tréimhsí fada ag amanna áirithe de bharr ganntanas foirne.

2.9 Ceann de na ceithre phríosún a bhfuil imní faoi leith orm fúthu é Príosún an Chaisleáin Riabhaigh. Beidh mé ag súil go bhféachfaidh an bhainistíocht go cuí do mo bhreithnithe i gCaibidil 4 den Tuarascáil seo.

Príosún Chnoc Seimre

2.10 Príosún athchuir é Príosún Chnoc Seimre. Bhí sé glan agus bhí cuma mhaith air.

2.11 Bhí an príosún plódaithe ar dháta mo chigireachta, mar a bhíonn sé i gcónaí.

2.12 Níl seirbhísí ná córais dhóthanacha sa phríosún seo.

Príosún Chorcaí

2.13 Tá Príosún Chorcaí thar a bheith plódaithe. Mhol me i mo Thuarascáil dar dáta 29 Iúil 2010 gurb é 194 príosúnach uaslíon na bpríosúnach ar cheart cóiríocht a chur ar fáil dóibh sa phríosún.

2.14 Déanann an bhainistíocht i bPríosún Chorcaí iarracht na ceardlanna a choinneáil ocsailte fiú nuair atá ganntanas foirne ann.

2.15 Bhí an príomhphríosún glan agus péinteáilte go cuí nuair a rinne mé mo chigireacht. Is é Sciathán D an limistéar a raibh údar imní agam ina thaobh. Bhí codanna den limistéar seo salach. Bhí roinnt de na cillíní brocach. Ní

raibh an teocht sna cillíní breathnóireachta sábháilteachta ag teacht le caighdeáin inghlactha.

2.16 Ní mór do na príosúnaigh sa phríomhphríosún na fualáin a fholmhú i gcónaí. Ba cheart áiseanna sláintíochta a sholáthar i ngach cillín.

2.17 Is é Príosún Chorcaí ceann de na príosúin a bhfuil imní orm faoi. Beidh mé ag súil go bhféachfaidh an bhainistíocht go cuí do mo bhreithnithe i gCaibidil 4 den Tuarascáil seo.

Ionad Dóchas

2.18 Feidhmíonn an tIonad Dóchas ar bhonn leanúnach ag leibhéal atá i bhfad thar an acmhainn atá aige.

2.19 Tá cuma mhaith ar fhabraic an Ionaid. Bhí roinnt de na limistéir salach. Bhí trealamh áirithe briste.

2.20 De bharr líon na ndaoine atá san Ionad Dóchas, níl na seirbhísí ná na córais (a bheadh cuí don líon daoine ar dearadh an príosún dóibh) dóthanach chun freastal a dhéanamh don líon méadaithe seo.

2.21 Níl na seomraí san Ionad Leighis á n-úsáid chun na críche ar tógadh iad. Baintear úsáid astu chun críocha cóiríochta agus bainistíochta chomh maith leis an úsáid shainiúil atá acu. Tá sé seo intuigthe mar gheall ar an drochphlodú sa phríosún.

2.22 Tá an príosún seo ina ábhar imní dom freisin. Beidh athbhreithniú leanúnach á dhéanamh agam ar gach gné den phríosún agus tagróidh mé don chéanna de réir mar is cuí. Beidh mé ag súil go bhféachfaidh an bhainistíocht go cuí do mo bhreithnithe i gCaibidil 4 den Tuarascáil seo.

Príosún Luimnigh

2.23 Bhí go leor de limistéir Phríosún Luimnigh salach. Bhí an chuid is mó de na cillíní i Ranna A agus B salach agus tá péinteáil ag teastáil uathu. Bhí fuinneoga briste i roinnt cillíní. Teastaíonn péinteáil ó go leor limistéar den phríosún.

2.24 Bhí plodú sa phríosún, agus tá i gcónaí.

2.25 Ní raibh buacaire fionnuisce ar bith ar Sciathán A nó B ach amháin iad siúd a bhí díreach os cionn na 'gcrannóg dríodair' ar na sciatháin seo. Bhí sé seo curtha ar súile na bainistíochta agam i lár mhí an Mheithimh 2010. Dúradh liom go raibh an scéal leigheasta. Nuair a rinne mé mo chigireacht dheireanach (7 Nollaig 2010), fuair mé amach go raibh cúrsaí díreach mar a bhí said i lár mhí an Mheithimh 2010. Tugann sé seo le fios go bhfuil neamhshuim á léiriú ag údaráis an phríosúin.

2.26 Tá fadhb mhór le drugaí sa phríosún.

2.27 Níl dóthain limistéar do chaitheamh aimsire sa phríosún.

2.28 Níl na seirbhísí ná na córais sa phríosún dóthanach.

2.29 Ní mór do phríosúnaigh ar Sciathán A agus B na fualáin a fholmhú. Ba cheart áiseanna sláintíochta a sholáthar i ngach cillín.

2.30 Níl dóthain ceamaraí Teilifís Ciorcaid Iata (CCTV) sa phríosún.

2.31 Tá foréigean idir na príosúnaigh ina fhadhb sa phríosún.

2.32 Tá imní faoi leith orm faoi Phríosún Luimnigh. Tá go leor easnamh sa phríosún, agus ba cheart go mbeadh roinnt acu, nó gach ceann acu, soiléir don bhainistíocht.

2.33 Beidh athbhreithniú leanúnach á dhéanamh agam ar gach gné de phríosún Luimnigh agus tagróidh mé don chéanna de réir mar is cuí. Beidh mé ag súil

go bhféachfaidh an bhainistíocht go cuí do mo bhreithnithe i gCaibidil 4 den Tuarascáil seo.

Ionad Oscailte Teach an Locháin

2.34 Bhí an tIonad glan agus péinteáilte i gceart nuair a rinne mé mo chigireacht.

2.35 Níl dóthain seirbhísí ná áiseanna san Ionad d'ainneoin iarrachtaí na bainistíochta áitiúla.

2.36 Ní raibh an tIonad plódaithe.

2.37 Tá ganntanas foirne ann ag gach leibhéal agus is fadhb mhór í seo.

Príosún an Láir Tíre

2.38 Bhí an príosún glan agus bhí cuma mhaith air. Bhí an príosun plódaithe. Tá na córais agus na seirbhísí dóthanach chun freastal a dhéanamh ar an líon príosúnach ar cheart freastal orthu sa phríosún.

Príosún Mhuinseo

2.39 Dhéileáil mé le saincheisteanna áirithe a bhaineann le Príosún Mhuinseo i dTuarascáil ar leith dar dáta 24 Márta 2011. Déanfaidh mé tagairt do Phríosún Mhuinseo i dtuarscálacha sa todhchaí de réir mar is cuí.

Príosún Phort Laoise

2.40 Bhí an príosún glan agus bhí cuma struchtúrtha mhaith ar na foirgnimh nua.

2.41 Ba cheart go gcuirfeadh an sciathán nua i bPríosún Phort Laoise seirbhísí agus córais dóthanacha ar fáil do gach príosúnach atá sa sciathán sin. Ar an drochuair, ní hé seo an staid faoi láthair mar, d'ainneoin gur soláthraíodh ceardlanna cuí, níor osclaíodh gach ceann acu seo de bharr ganntanas foirne.

2.42 Bhí cuma réasúnta ar an gcuid níos sine den phríosún.

2.43 Tá go leor feabhsúcháin déanta ag Príosún Phort Laoise.

2.44 Ní raibh an príosún plódaithe.

Teach na gCanónach

2.45 Ionad Oscailte é seo. Nuair a rinne mé mo chigireacht, bhí sé glan agus bhí cuma mhaith air.

2.46 Tá na córais agus na seirbhísí sa phríosún dóthanach don líon príosúnach atá ann. Is seanfhoirgneamh réamhdhéanta an scoil atá ann faoi láthair, agus ba cheart é a athsholáthar.

2.47 Ní raibh an tIonad plódaithe.

Institiúid Naomh Pádraig

2.48 Dhá aonán ar leith é Institiúid Naomh Pádraig i ndáiríre – ceann amháin d'ógánaigh idir sé bliana déag agus ocht mbliana déag d'aois agus an ceann eile do dhaoine fásta idir ocht mbliana déag agus bliain is fiche.

2.49 Nuair a rinne mé mo chigireacht, bhí an príosún glan. Bhí cuma mhaith air go ginearálta. Ní raibh líon na bpríosúnach thar acmhainn an phríosúin agus bhí na córais agus na seirbhísí dóthanach.

2.50 Is fadhb suntasach é príosúnaigh atá faoi chosaint. Caitheann líon substaintiúil ógánach agus daoine fásta óga go leor dá gcuid ama ina gcillíní, fiú nuair nach bhfuil siad faoi chosaint.

2.51 Níl sé cuí go mbeadh ógánaigh á gcoinneáil i bpríosún in éineacht le daoine fásta.

An tAonad Oiliúna

2.52 Nuair a rinne mé mo chigireacht, bhí an tAonad Oiliúna glan. Bhí cuma mhaith ar an bpríosún go ginearálta. Ní raibh an príosún plódaithe agus bhí na seirbhísí agus na córais dóthanach.

Príosún Chruithneachtáin

2.53 Bhí Príosún Chruithneachtáin glan agus bhí cuma mhaith air. Bíodh is go bhfuil na córais agus na seirbhísí go maith, ní bheadh siad dóthanach chun freastal ar an líon príosúnach a bheidh ann nuair a bheidh an bloc príosúin nua i mbun feidhme go hiomlán.

Caibidil 3

An cleachtas is fearr i ndáil le himscrúdú a dhéanamh ar bhásanna daoine atá faoi choinneáil i bpríosún

3.1 Tá scrúdú déanta agam le trí bliana anuas, ón uair a thosaigh mé i mbun feidhme mar Chigire Príosún, ar an nós imeachta imscrúdaithe atá in úsáid ag bainistíocht na bpríosún nuair atá imscrúdú á dhéanamh ar bhásanna daoine atá faoi choinneáil. Fuair mé amach nach raibh aon nós imeachta comhsheasmhach chun imscrúdú a dhéanamh ar bhásanna príosúnach i Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Fuair mé amach freisin nach raibh a leithéid d'imscrúduithe ag teacht leis na riachtanais a bhaineann le dea-chleachtas go hidirnáisiúnta.

3.2 Chuir mé Tuarascáil faoi bhráid an Aire an 21 Nollaig 2010, dar teideal, "***Guidance on Best Practice relating to the Investigation of Deaths in Prison Custody***".

3.3 Thug mé léargas i mo Thuarascáil ar an bpróiseas imscrúdaithe atá in úsáid faoi láthair i bPríosúin na hÉireann. Thug mé treoir ansin a bhí bunaithe ar an gcleachtas is fearr atá in úsáid go hidirnáisiúnta. Tháinig mé ar chonclúidí agus rinne mé roinnt moltaí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí an próiseas mar atá sé faoi láthair a fheabhsú chun go gcomhlíonfadh sé le dualgais an Stáit maidir leis seo.

Caibidil 4

An bóthar romhainn

4.1 Nuair a ceapadh mar Chigire Príosún an 1 Eanáir 2008 mé, chuir mé mé féin ar an eolas faoi gach ceann de na ceithre phríosún déag. Bhí cruinniú faisnéise cuimsitheach agam le Gobharnóirí na bpríosún uile agus cruinniú faisnéise mionsonraithe le hArd-Stiúrthóir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus lena fhoireann bainistíochta sinsearaí i ndáil le hoibriú Chóras Pionósach na hÉireann.

4.2 Chaith mé an chéad chuid de mo thionacht mar Chigire Príosún ag déanamh léitheoireachta a bhain le mo ról mar Chigire.

4.3 Chum mé prótacail feidhmiúcháin do m'oifig ionas go mbeadh cur chuige comhsheasmhach á leanúint agam féin agus ag m'fhoireann le linn dúinn a bheith ag déanamh cigireachta ar phríosúin. Ar chúiseanna slándála agus oibríochta, ní féidir liom na prótacail sin a nochtadh. Is leor a rá go mbaineann siad le gnéithe cosúil leis an gcaoi a iompraíonn mé féin agus m'fhoireann muid féin agus muid i mbun cigireachta ar phríosúin, an chaoi a ndéileálaimid le saincheisteanna slándála agus an chaoi a mbíonn muid ag idirghníomhú le príosúnaigh, le foireann príosúin agus le daoine eile i suíomh príosúin.

4.4 Níl sé ar intinn agam sa Tuarascáil seo sonraí a thabhairt faoi mo phróiseas cigireachta mar go bhfuil sonraí iomlána tugtha agam den chéanna i dTuarascálacha roimhe seo.

4.5 Fuair mé amach nach bhfuil sraith caighdeán ag Éirinn a d'fhéadfadh feidhmiú mar phointe cóimheasa agus mé i mbun measúnaithe ar phríosúin. Fuair mé amach freisin nach raibh treoir maidir leis an 'gcleachtas is fearr' maidir le go leor saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le príosúin le fáil i bhfoirm achoimre sa tír seo ná in aon áit eile.

4.6 D'fhoilsigh mé caighdeáin ghinearálta do chigireacht príosún an 24 Iúil 2009. D'fhoilsigh mé dhá sraith caighdeán bhreise maidir le príosúnaigh ar ógánaigh iad agus príosúnaigh ban an 1 Meán Fómhair 2009 agus an 1 Feabhra 2011 faoi seach.

4.7 D'ainneoin gur fhoilsigh mé na caighdeáin a tagraíodh dóibh in alt 4.6, chinn mé go raibh orm tuilleadh treorach a thabhairt do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus do bhainistíocht áitiúil na bpríosún ar líon saincheisteanna tábhachtacha. Áiríodh leo seo méid cillíní príosúin, na córais agus na seirbhísí sna príosúin, úsáid cillíní speisialta, treoir maidir leis an gcleachtas is fearr i ndáil le gearáin príosúnach agus araíonacht príosúnach agus treoir maidir leis an gcleachtas is fearr atá le leanúint tar éis do dhaoine bás a fháil i bpríosún. Tá an treoir seo ar fáil sna Tuarascálacha a dtagraítear dóibh i gCaibidil 5. Leagfaidh mé isteach tuarascáil maidir le caighdeáin chúram sláinte ar cheart dó a bheith ar fáil sna príosúin sna seachtainí amach romhainn.

4.8 Tá taighde chuimsitheach déanta ag m'oifig agus tá gach ceann de na Tuarascálacha atá liostáilte in alt 4.7 luaite mar thoradh ar an taighde sin chun go dtabharfaí treoir maidir leis an gcleachtas is fearr do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus do bhainistíocht áitiúil na bpríosún.

4.9 Faigheann an taighde seo faisnéis ó Ionstraimí Idirnáisiúnta éagsúla, ó na Náisiúin Aontaithe agus ó Chomhairle na hEorpa araon ar páirtí Éire iontu, Ionstraimí agus Moltaí neamhcheangailteacha ó na Náisiúin Aontaithe agus ó Chomhairle na hEorpa a bhfuil údarás an-áititheach acu, Cinntí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus Chúirteanna na hÉireanna, Tuarascálacha an Choiste um Chosc ar Chéasadh agus ar Íde nó ar Phíonós atá Mídhaonna nó Táireach (CPT), ár nDlíthe Náisiúnta agus Caighdeáin ábhartha Údarás Náisiúnta na hÉireann.

4.10 Tugann na Tuarascálacha a dtagraítear dóibh in alt 4.7 in éineacht leis na caighdéain cigireachta do phríosúin (na forlíonta ar phríosúnaigh ar ógánaigh iad agus príosúnaigh ban san áireamh) treoir dhóthanach do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus do bhainistíocht áitiúil na bpríosún maidir leis sin

a bhfuiltear ag súil leis uathu chun go mbeidh siad ag comhlíonadh leis an gcleachtas is fearr.

4.11 Ní féidir liom ach an cleachtas is fearr go hidirnáisiúnta a leagan amach. Má tá Éire le cloí lena dualgais, ní mór do gach cuid de Shochaí na hÉireann, agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus bainistíocht áitiúil na bpríosún ach go háirithe, glacadh gur ceart go gcuirfí a leithéid de chleachtas is fearr i bhfeidhm i ngach príosún.

4.12 Breithním anois go bhfuil dóthain treorach tugtha agam do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus don bhainistíocht shinsearach maidir leis an gcleachtas is fearr sna réimsí tábhachtacha sin ina raibh treoir ag teastáil. Tabharfaidh mé tuilleadh treorach, más gá agus nuair is gá, má chinnim go bhfuil saincheisteanna eile ann a bhfuil soiléiriú ag teastáil uathu.

4.13 Tá na Tuarascálacha a eisíonn m'oifig beartaithe treoir a thabhairt, ní amháin do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus don bhainistíocht áitiúil, ach freisin do phríosúnaigh, a dteaghlaigh agus don phobal i gcoitinne. Tá rochtain ag teaghlaigh príosúnach agus ag an bpobal i gcoitinne ar a leithéidí de thuarascálacha mar go bhfoilsítear iad uile. Níl an rochtain sin ag príosúnaigh. Tá sé den riachtanas mar sin go mbeidh gach ceann de mo thuarascálacha le fáil in áit feiceálach i ngach leabharlann agus fo-leabharlann sna príosúin. Tá díomá orm tuairisciú nach amhlaidh atá sé i ngach príosún, d'ainneoin mo chuid iarratas.

4.14 Tá dualgas ar an mbainistíocht shinsearach ag gach grád iad féin a chur ar an eolas maidir leis an gcleachtas is fearr agus staidéar a dhéanamh ach go háirithe ar mo chuid tuarascálacha maidir leis an gcleachtas is fearr. Tá díomá orm tuairisciú nár chuir gach ball den bhainistíocht shinsearach iad féin ar an eolas faoi ábhair mo chuid Tuarascálacha uile.

4.15 Breithním gur ról "rialtóra" an ról a bheidh agam sa todhchaí ó thaobh cinntiú go gcomhlíonfaidh Éire lena dualgais i leith a cuid príosúnach.

4.16 Amhail an 1 Iúil 2011 agus ón lá sin amach, ba cheart do gach Gobharnóir cinntiú go bhfuil a gcuid príosún ag comhlíonadh leis an gcleachtas is fearr.

4.17 Amhail an 1 Iúil 2011 agus ón lá sin amach, beidh mé ag déanamh monatóireachta ar gach príosún chun a chinntiú go mbeidh siad ag comhlíonadh leis an gcleachtas is fearr.

4.18 Beidh mé airdeallach ach go háirithe chun a chinntiú go leanfar nós imeachta do ghearáin i ngach príosún a bheidh cuí, téagartha agus trédhearcach. Beidh mé chomh hairdeallach céanna cinntiú go leanfar an cleachtas is fearr nuair atá príosúnaigh á smachtú.

4.19 Is mian liom a rá nach bhfuilim i dteideal imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin ar leithligh de bhun Alt 31(6) d'Acht na bPríosún 2007. Tá sé ráite agam i dtuarascálacha roimhe seo go bhfuil bearna ann sa dlí maidir leis seo. Ba cheart breithniú a dhéanamh air seo ag an leibhéal polaitiúil chun é seo a leigheas.

4.20 D'ainneoin nach féidir liom gearáin ar leithligh a imscrúdú, is cuid de mo shainordú é a chinntiú go leanfar an cleachtas is fearr nuair a dhéanann príosúnaigh gearáin.

4.21 Ní mór muinín a bheith ag príosúnaigh, a dteaghlaigh, foireann an phríosúin agus an pobal i gcoitinne as an nós imeachta gearáin do phríosúnaigh agus an nós imeachta araíonachta i ngach príosún.

4.22 Is slat tomhais maith ar an gcaoi atá príosúin ar leithligh á reáchtáil an chaoi a ndéileáiltear le gearáin príosúnach agus le haraíonacht príosúnach.

4.23 Tá tábhacht ag baint leis an gcaoi a gcaitear le príosúnaigh a bhfuil saincheisteanna sláinte mheabhrach nó saincheisteanna leighis eile acu ó thaobh sainmhíniú a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitheann córas príosúin agus an tsochaí lena leithéidí atá i bpríosún. Beidh mé airdeallach ó thaobh cinntiú go leanfar an cleachtas is fearr maidir leis seo.

4.24 Tuigim nach mbeidh príosúin áirithe in ann comhlíonadh leis an gcleachtas is fearr sa ngearrtéarma. Is iad na réimsí seo fualáin a fholmhú, plodú, soláthar seirbhísí agus córais áirithe agus gnéithe áirithe de chúram sláinte.

Easnaimh atá le leigheas faoin 1 Iúil 2011

4.25 Tá treoir tugtha agam sna réimsí seo a leanas:

(a) Úsáid chuí le baint as cillíní breathnóireachta sábháilteachta agus cillíní dianmaoirseachta. Ba cheart taifid chuí a choinneáil.

(b) Tá nósanna imeachta cuí do ghearáin le leanúint, mar aon le taifid chun tacú leo.

(c) Tá nósanna imeachta araíonachta cuí le leanúint mar aon le taifid chuí chun tacú leo.

(d) Nósanna imeachta cuí le bheith ann nuair a fhaigheann daoine atá faoi choinneáil bás. Ba cheart go mbeadh prótacail ann chun fiosrúcháin a reáchtáil. Ba cheart taifid chuí a choinneáil.

(e) Ní mór gnéithe áirithe de chúram sláinte cuí a bhunú faoin 1 Iúil 2011. Ní mór taifid chuí a choinneáil.

4.26 Ní mór do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a bheith réamhghníomhach ó thaobh cinntiú go mbeidh cur chuige coiteann ann maidir leis na saincheisteanna ar tarraingíodh aird orthu in alt 4.25. Ba cheart do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann treoir a thabhairt do bhainistíocht áitiúil i ndáil leis sin atá ag teastáil chun comhlíonadh leis an gcleachtas is fearr maidir leis seo.

4.27 Tá an cleachtas is fearr maidir le gach gné de bheartas pionósach ag teacht chun cinn i gcónaí ar fud an domhain. Ba cheart go mbeadh Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar an eolas faoi a leithéid d'fhorbairtí agus maidir leis seo, ba cheart di cinntiú go scaipfear faisnéis maidir lena leithéidí d'fhorbairtí ar fud Chóras na bPríosún. Ba cheart do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a bheith réamhghníomhach maidir leis seo agus ba cheart di, sa chás go n-

éilíonn an cleachtas is fearr go hidirnáisiúnta é, athruithe beartais a thabhairt chun cinn chun aitheantas a thabhairt dá leithéidí de chúinsí athraitheacha.

4.28 Tá aird tarraingthe agam i dtuarascálacha roimhe seo ar lochtanna i ngach príosún. Beidh mé ag súil freisin, amhail an 1 Iúil 2011, nach mbeidh orm a bheith ag déanamh tráchta do na saincheisteanna seo a leanas:

(a) Príosúin shalacha nó limistéir príosún atá salach.
(b) Limistéir príosún nach bhfuil péinteáilte.
(c) Coinníollacha cillíní gan a bheith inghlactha.
(d) Trealamh atá briste, as feidhm nó ag sceitheadh.
(e) Fuinneoga briste.

4.29 Murar bhfuil aghaidh tugtha ar gach ceann de na saincheisteanna a aithníodh in alt 4.28 faoin 1 Iúil 2011, cosúil le péinteáil an phríosúin, ba cheart go mbeadh amscála foilsithe ag gach príosún le haghaidh a leithéidí d'oibreacha a chur i gcrích.

4.30 Beidh mé ag súil go gcaithfidh pearsanra an phríosúin ag gach grád le gach príosúnach, a dteaghlach agus le cuairteoirí ar bhealach measúil.

Tionscadail a d'fhéadfadh gan a bheith curtha i gcrích faoin 1 Iúil 2011

4.31 D'fhéadfadh sé gan a bheith indéanta ar réimse cúiseanna na tionscadail seo a leanas a bhaint amach faoin 1 Iúil 2011:

(a) Fualáin a fholmhú. Tá tús curtha le próiseas i bPríosún Mhuinseo chun deireadh a chur leis an gcóras ina fholmhaítear fualáin. Ba cheart go mbeadh áiseanna sláintíochta i ngach limistéar de Phríosún Mhuinseo faoin dheireadh na bliana 2011. Ba cheart go gcuirfí i bhfeidhm é seo i ngach príosún ábhartha agus ní mór amscála dó seo (nár mhór cloí leis) a thabhairt.
(b) Deireadh a chur le plódú. Má ghlacann an tsochaí i gcoitinne agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann ach go háirithe go bhfuil

dualgas ar Éirinn cloí leis an gcleachtas is fearr, ba cheart amscála réalaíoch (nár mhór cloí leis) a thabhairt chun deireadh a chur leis an bplodú. Tagraím in ailt 4.32 go 4.34 do na staidreamh atá foilsithe a bhaineann le hacmhainn leapa gach príosúin. D'fhéadfadh na staidreamh sin a bheith míthreorach dá mbeifeá ag brath orthu mar bhunús chun barúil a thabhairt maidir le príosúin na hÉireann a bheith plódaithe nó gan a bheith plódaithe.

(c) Seirbhísí agus córais. Ba cheart am scála (ar cheart cloí leis) a aontú idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus bainistíocht áitiúil chun a chinntiú go soláthrófaí córais agus seirbhísí dóthanacha i ngach príosún.

(d) Ní mór cúram sláinte atá inchurtha leis sin atá ar fáil ag an bpobal i gcoitinne a bheith ar fáil do gach príosúnach. Ba cheart go dtuigfí go bhfuil difríocht ann idir riachtanais sláinte príosúnach agus riachtanais sláinte an phobail. Gné thábhachtach í seo le cur san áireamh nuair atá córais chúram sláinte á shocrú. Ba cheart am scála do sholáthar a leithéid de chúram sláinte (ar cheart cloí leis) a chur ar fáil.

4.32 Tá tagairt déanta agam in go leor tuarascálacha don téarma 'acmhainn leapa'. Is téarma míthreorach é seo sa mhéid is go bhféadfaí glacadh leis ón úsáid a bhaintear as sna staidreamh laethúla a fhoilsítear maidir le Daonra Príosúin na hÉireann go bhfuil Príosúin na hÉireann ag feidhmiú díreach ag an acmhainn atá acu nó os cionn na hacmhainne sin. Níl sa téarma seo ach ráiteas go bhfuil leapacha buinc nó leapacha ann i bpríosún ar leith chun cóiríocht a chur ar fáil don líon príosúnach sin. Ní thugann sé aird ar mhéid na gcillíní, an cleachtas is fearr go hidirnáisiúnta, Rialuithe na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus Tuarascálacha an Choiste um Chosc ar Chéasadh agus ar Íde nó ar Phíonós atá Mídhaonna nó Táireach (CPT).

4.33 Ba cheart go sonródh na staidreamh laethúla, chomh maith leis an acmhainn leapa atá luaite le gach príosún a thabhairt, uaslíon na bpríosúnach ar cheart cóiríocht a dhéanamh dóibh i ngach príosún, ag féachtaint don chleachtas is

fearr mar atá leagtha amach i mo Thuarascáil dar dáta 29 Iúil 2010. Ba cheart do na staidreamh tagairt a dhéanamh freisin don líon iarbhír atá faoi choinneáil mar chéatadán den fhigiúr sin.

4.34 Dá leanfaí mo mholtaí, ar tagraíodh dóibh in alt 4.33, d'fhágfadh sé go mbeadh cur síos cruinn acu sin a bhfuil spéis acu i gcórais príosúin agus ag na gníomhaireachtaí sin a bhailíonn staidreamh maidir le daonraí príosún ar fud an domhain i ndáil le méid an phlódaithe i bPríosúin na hÉireann ag aon am faoi leith.

4.35 Más amhlaidh go mbeidh orm barúil neamhfhabhrach a thabhairt tar éis an 1 Iúil 2011 faoi na saincheisteanna sin atá aitheanta agam in ailt 4.25 agus 4.28, ní bheidh rogha agam ach teacht ar an gconclúid gur chuma leis an mbainistíocht áitiúil faoi na dualgais atá orthu cloí leis an gcleachtas is fearr agus a bpríosúin a choinneáil ag leibhéal atá inghlactha.

4.36 Rinne mé tagairt i mo Thuarascáil ar Phríosún Mhuinseo dar dáta 24 Márta 2011 do thrí thionscnamh sa phríosún sin, is iad sin limistéar cimithe tiomanta, aonad do dhaoine leochaileacha/daoine a bhfuil ardtacaíocht ag teastáil uathu agus aonad tacaíochta saor ó dhrugaí. Ba cheart go mbeadh na limistéir/aonaid seo ag gach príosún ábhartha. Tá údair an-láidir lena leithéid de limistéir/aonaid agus leagtar amach na húdair in alt 4.37 go 4.50 thíos.

Limistéar Cimithe Tiomanta

4.37 Ba cheart go mbeadh limistéar cimithe tiomanta ag gach príosún a ghlacann le cimithe/athchuir **nua** nár cheart aon chuspóir eile a bheith aige. Ba cheart go mbeadh a leithéid de limistéir chimithe in ann cóiríocht a dhéanamh do gach cimiú/athchur nua. Ba cheart dul i gcomhairle leis an mbainistíocht áitiúil maidir leis seo.

4.38 Ba cheart measúnú a dhéanamh ar gach cimiú/athchur nua sa limistéar cimithe tiomanta. Ba cheart do dhochtúir, altra, gobharnóir, príomhoifigeach,

seiplíneach agus bainisteoir tionsclaíoch, *inter alia*, iad a fheiceáil. Ní ceart cóiríocht a chur ar fáil dá leithéid de phríosúnaigh ar cheann staighre sa phríosún, in aonad speisialta nó iad a aistriú go dtí príosún, de réir mar is cuí, go dtí go mbeidh measúnú cuí déanta. Ní ceart go dtógfadh a leithéid de mheasúnú níos faide ná 24 uair a' chloig.

4.39 Is í an chúis is láidre atá le soláthar limistéar den chineál sin go bhfaighidh sé réidh, chomh fada agus is féidir, leis an seans go bhféadfadh eachtra cosúil leis an gceann sin a bhí ina údar don Choimisiún Fiosrúcháin a cuireadh ar bun tar éis báis i bPríosún Mhuinseo tarlú arís.

4.40 Ba cheart staidéar a dhéanamh chun fáil amach ar cheart a leithéid de limistéar tiomanta a sholáthar i bPríosún Chnoc na Seimre, ar príosún athchuir é.

Daoine leochaileacha/aonad ardtacaíochta

4.41 Ba cheart go mbeadh aonad tiomanta neamhspleách don chatagóir príosúnaigh seo ag gach príosún, seachas ionaid oscailte.

4.42 Ba cheart go mbeadh líon foirne iomlán ag na haonaid seo agus go mbeadh siad in ann cúnamh a fháil ón bhFoireannn *Inreach* ón bPríomh-Ospidéal Meabhair Ghalar nó ó fhoireann cosúil léi. Ba cheart go mbeadh a leithéid d'fhoireann faoi threoir síciatraí chomhairlaigh.

4.43 Ba cheart don fhoireann leighis ábhartha measúnú a dhéanamh ar phríosúnaigh sna haonaid seo ar bhonn laethúil, agus sa chás gur cuí agus nuair is cuí, ba cheart iad a aistriú go dtí an Príomh-Ospidéal Meabhair Ghalar, go dtí ionad leighis cuí eile, ar ais go dtí an príomh-phríosún nó go dtí príosún eile.

4.44 Ní ceart bunú na n-aonad ardtacaíochta seo a úsáid mar leithscéal gan príosúnaigh a aistriú go dtí an Príomh-Ospidéal Meabhair Ghalar nó go dtí ionad leighis eile sa chás go bhfuil cúram leighis nó cúram eile ag teastáil óna leithéid de phríosúnaigh nach bhféadfaí é a sholáthar ach amháin ina leithéid d'ospidéal nó ionad.

4.45 Ní ceart na haonaid ardtacaíochta seo a úsáid mar áis fhadtéarmach, agus ní ceart ach an oiread iad a úsáid chun críche cóiríochta, bainistíochta ná aon chuspóir eile.

4.46 Bheadh méid a leithéidí d'aonaid éagsúil ó phríosún go príosún. Ba cheart gurb é taithí gach príosúin a chinnteodh na critéir maidir le méid an aonaid.

Aonad Tacaíochta Saor ó Dhrugaí

4.47 Tá líon príosúnach i ngach príosún ar mian leo a bheith scoite amach uathu siúd atá ag úsáid drugaí.

4.48 Ba cheart go mbeadh limistéar tiomanta ann i ngach príosún chun freastal a dhéanamh ar a leithéidí de phríosúnaigh. Ba cheart go 'dtuillfeadh' príosúnaigh an ceart go ndéanfaí freastal orthu ina leithéid de limistéar.

4.49 Ba cheart do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus don bhainistíocht áitiúil i ngach príosún díriú ar sholáthar na dtrí chineál limistéir/aonaid dá dtagraítear dóibh in ailt 4.37 go 4.48. Bheinn ag súil go ndéanfaí fógra maidir le tiomnú a leithéidí de limistéir/aonaid i ngach príosún ábhartha laistigh de shé mhí de dháta na Tuarascála seo. Ba cheart go bhfógrófaí amscála d'oscailt a leithéidí de limistéir/aonaid ag an am céanna lena leithéid d'fhógra.

4.50 Ní ceart go mbeadh tógáil cillíní breise i gceist le soláthar limistéir cimithe tiomanta, aonad do dhaoine leochaileacha/daoine a bhfuil ardtacaíocht ag teastáil uathu agus aonad tacaíochta saor ó dhrugaí, mar go dtugann taithí Phríosún Mhuinseo le fios go bhféadfaí cóiríocht a dhéanamh dá leithéid d'aonaid laistigh den struchtúr atá i ngach príosún i láthair na huaire.

Nósanna imeachta cuardaigh

4.51 Gné lárnach de shaol príosúin é príosúin agus príosúnaigh a chuardach. Mar sin féin, ní mór a leithéidí de chuardaigh a dhéanamh de réir an chleachtais is fearr a nglactar leis agus de réir ghnáthchaighdéain chearta an duine. Tá sé

beartaithe agam breathnú ar an nós imeachta ar glacadh leis agus tabharfaidh mé aghaidh ar an tsaincheist seo, más gá, laistigh de chóras an phríosúin nó i dtuarascáil neamhspleách, de réir mar is cuí.

Tátal

4.52 Beidh impleachtaí ag mo ról mar "rialtóir" do m'oifig ó thaobh acmhainní de. D'ainneoin na deacrachtaí airgeadais atá os comhair na tíre seo, tá mé muiníneach gur féidir aghaidh a thabhiart ar aon saincheist acmhainne ionas go bhféadfainn mo shainordú a chomhlíonadh agus cinntiú go leanfar leis an gcleachtas is fearr i ngach príosun de chuid na hÉireann.

4.53 Tá sé beartaithe agam tuarascálacha tréimhsiúla a chur faoi bhráid an Aire i rith na bliana agus leanfaidh mé é seo le Tuarascáil Bhliantúil. Cuirfidh mé aon ábhar práinneach ar shúile an údaráis ábhartha láithreach. Déanfaidh mé aon imscrúdú a bheidh ag teastáil ón Aire freisin.

Caibidil 5

Tuarascálacha Ábhartha

1 ‘*Standards for the Inspection of Prisons*’ arna fhoilsiú an 24 Iúil 2009.

2 ‘*Standards for the Inspection of Prisons – Juvenile Supplement*’ arna fhoilsiú an 1 Meán Fómhair 2009.

3 ‘*The Irish Prison Population – an examination of duties and obligations owed to prisoners*’ dar dáta 29 Iúil 2010.

4 ‘*Report of an Investigation on the use of ‘Special Cells’ in Irish Prisons*’ dar dáta 26 Lúnasa 2010.

5 ‘*Guidance on Best Practice relating to Prisoners’ Complaints and Prison Discipline*’ dar dáta 10 Meán Fómhair 2010.

6 ‘*Guidance on Best Practice relating to the Investigation of Deaths in Prison Custody*’ dar dáta 21 Nollaig 2010.

7 ‘*Standards for the Inspection of Prisons – Women Prisoners’ Supplement*’ arna fhoilsiú an 1 Feabhra 2011.